**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Achainíocha*

**PETI_PV(2024)0214_1**

# MIONTUAIRISCÍ

**Cruinniú an 14 Feabhra 2024, 9.00 – 12.30 agus 14.30 – 18.30,**

**agus an 15 Feabhra 2024, 9.00 - 12.30**

**AN BHRUISÉIL**

*Cuireadh tús leis an gcruinniú ar 09:08 Dé Máirt, an 14 Feabhra 2024, agus ba í Dolors Montserrat (Cathaoirleach) a bhí sa chathaoir.*

## ar 09:00

**1. Glacadh an dréachtchláir oibre**[1] OJ– PE758.825
FdR1295813

Agus tagairt á dhéanamh do Riail 167 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, d'iarr FPE Auken go gcuirfí siar breithniú dhréacht-tuarascáil na cuairte aimsithe faisnéise ar an gCatalóin, arna dréachtú i mBéarla (mír 4 den chlár oibre) chuig an gcéad chruinniú eile den Choiste ionas go gcuirfí ar chumas Chomhaltaí an Choiste an dréacht-tuarascáil a fháil agus í aistrithe go teangacha eile an Aontais sula mbreithneofar í.

Ar an ábhar céanna, d'iarr FPE Sanz Selva go n-urramófaí cearta teanga na bhFeisirí agus chuir sí i bhfios go láidir gur seoladh an tuarascáil an lá roimh an gcruinniú.

Thacaigh an Feisire Maestre Martín De Almagro leis an iarraidh go gcuirfí siar an breithniú ar

1 I gcomhréir le Treoirlínte 2016 an choiste, ní phléifear míreanna ó roinn B den dréachtchlár oibre le linn an chruinnithe reatha. Mar sin féin, féadfaidh aon chomhalta de choiste PETI a iarraidh go ndéanfaí mír ó Roinn B a choimeád ar oscailt ach é a iarraidh roimh dheireadh an chruinnithe; cuirfear san áireamh go huathoibríoch ansin í ar chlár oibre na gComhordaitheoirí chun go ndéanfar cinneadh faoin gcaoi a ndéileálfar léi ag cruinniú de chuid na gComhordaitheoirí ina dhiaidh seo.

dhréacht-tuarascáil na cuairte aimsithe faisnéise ar an gCatalóin agus chuir sí a himní in iúl maidir le foilsiú na dréacht-tuarascála sa phreas ag an am céanna lena scaipeadh ar na Feisirí.

Thacaigh na Feisirí Angel, Comín i Oliveres agus García Del Blanco leis an iarraidh go gcuirfí an dréacht-tuarascáil ón gcuairt aimsithe faisnéise ar an gCatalóin ar athló go dtí cruinniú an Choiste i mí an Mhárta.

Chuir an Feisire Jahr i bhfios go láidir gur cuireadh an tuarascáil ar an gclár oibre lena breithniú seachas lena glacadh agus chuir sé i bhfios go láidir nár cheart go gcuirfeadh na hargóintí a cuireadh chun cinn cosc ar Chomhaltaí an Choiste an chéad mhalartú tuairimí a thionól maidir leis an dréacht-tuarascáil.

Mheabhraigh FPE Toom nach ndearnadh foráil sa chlár oibre ach do chur i láthair na tuarascála, seachas í a ghlacadh. Chuir sí i bhfios go láidir go gcuirfí gach leagan teanga ar fáil chun leasuithe a dhéanamh roimh an sprioc-am a leagadh síos Dúirt sí freisin gur cuireadh ateangaireacht ar fáil chun go bhféadfaí an dréacht-tuarascáil a chur i láthair agus a phlé inniu.

Chuir an Feisire Danzi (NI) i bhfios go láidir gur chinn na Comhordaitheoirí gan obair leantach a dhéanamh ar a hiarraidh chun Achainíocha Uimh. 0148/2020 agus 1150/2019 a chur ar an gclár oibre. Mheabhraigh sí gur féidir le Feisirí NI a iarraidh ar Chomhordaitheoirí a n-iarraidh a ghlacadh le haghaidh chláir oibre chruinnithe na gComhordaitheoirí, nó a n-iarraidh a bheith san áireamh i gcláir oibre a bheidh ann amach anseo a rith, le linn chruinnithe an Choiste.

Mar fhreagra ar an bhFeisire Danzi, thug an Cathaoirleach dá haire an iarraidh Achainíocha Uimh. 0148/2020 agus 1150/2019 a chur ar chlár oibre na gComhordaitheoirí.

Maidir leis na hagóidí a d'ardaigh na Feisirí eile, mheabhraigh an Cathaoirleach, de réir chód Pharlaimint na hEorpa maidir le hilteangachas, go bhfuil tosaíocht ag doiciméid iomlánacha agus tuarascálacha ón gCoiste a ghlacfar sa Seisiún Iomlánach thar gach doiciméad eile atá le haistriú. Faoi Riail 228 de na Rialacha Nós Imeachta maidir le cuairteanna aimsithe faisnéise, pléitear tuarascálacha misin agus caitear vóta orthu i gCoiste PETI amháin agus ní sa Seisiún Iomlánach. Dá bhrí sin, is cleachtas seanbhunaithe é in PETI na dréacht-tuarascálacha misin a chur i láthair i mBéarla. Cuirtear aistriúcháin ar an dréacht-tuarascáil ar fáil i gcónaí sula dtéann an sprioc-am le haghaidh leasuithe in éag ionas gur féidir leis na Feisirí uile, go háirithe iad siúd nár ghlac páirt sa mhisean, leasuithe a chur síos ina dteanga féin. Mheabhraigh an Cathaoirleach gur socraíodh an spriocdháta le haghaidh leasuithe ar an 1 Márta agus chuir sé in iúl go gcuirfí aistriúcháin sa Ghearmáinis, sa Pholainnis, san Iodáilis agus sa Spáinnis (ceithre theanga na bhFeisirí a ghlac páirt sa mhisean) ar fáil an lá dár gcionn, an 15 Feabhra, agus go gcuirfí aistriúcháin ar fáil i ngach teanga eile an 27 Feabhra.

Mheabhraigh an Cathaoirleach freisin go raibh an Rúnaíocht, thar ceann Cheann na toscaireachta, tar éis a chur in iúl do na Feisirí go n-ullmhófaí an dréacht-tuarascáil i mBéarla mar gheall ar shrianta ama ós rud é nach bhfuil ach trí chruinniú Coiste fágtha roimh dheireadh an téarma. Chuir an Cathaoirleach i bhfios go láidir gur cuireadh an t-amchlár in iúl mí ó shin agus nár chuir aon Fheisire ina choinne. Ar deireadh, shoiléirigh an Cathaoirleach gur seoladh an dréacht-tuarascáil go deimhin an lá roimh an gcruinniú ós rud é nár chríochnaigh na Comhaltaí a bhí páirteach sa dréachtú a gcaibidlíocht maidir leis an dréacht níos luaithe. Mheabhraigh an Cathaoirleach freisin gur ullmhaigh an Rúnaíocht leagan TF den dréacht.

Mar fhreagra ar iarraidh an Fheisire Auken go gcuirfí an breithniú ar dhréacht-tuarascáil an chuairt aimsithe faisnéise ar an gCatalóin siar go dtí cruinniú Choiste mhí an Mhárta, thug an

Cathaoirleach dá haire, de bhun Riail 200(1) de na Rialacha Nós Imeachta maidir le díospóireacht nó vótáil a chur ar atráth, go dtabharfar fógra don Chathaoirleach 24 uair an chloig ar a laghad roimh ré go bhfuil sé ar intinn atráthú a thairiscint. Ós rud é nár tugadh fógra di in am trátha, dhiúltaigh an Cathaoirleach don iarraidh ar atráth toisc nach gcomhlíonann sí Riail 200(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

D'iarr an Feisire Auken ar an gCoiste cinneadh a dhéanamh maidir le clár oibre chruinniú an Choiste faoi Riail 216 de na Rialacha Nós Imeachta. Thacaigh an Feisire Riba i Giner lena hiarraidh.

D'iarr an Cathaoirleach ar na Comhordaitheoirí cinneadh a dhéanamh maidir le formheas an dréachtchláir oibre. Vótáil EPP i bhfabhar, vótáil S&D i gcoinne, vótáil Renew i bhfabhar, vótáil Greens/EFAE i gcoinne, vótáil ECR i bhfabhar agus vótáil The Left i gcoinne.

Glacadh an clár oibre mar a léirítear sna miontuairiscí.

**Labhair na daoine seo a leanas:** Dolors Montserrat, Maria Angela Danzì, Margrete Auken, Esther Sanz Selva, Cristina Maestre Martín De Almagro, Peter Jahr, Jana Toom, Marc Angel, Antoni Comín i Oliveres, Ibán García Del Blanco, Diana Riba i Giner, Jorge Buxadé Villalba

## 2. Formheas mhiontuairiscí chruinniú an:

PV – PE 757.331
FdR1292695

Cuireadh glacadh mhiontuairiscí mhí Eanáir siar go dtí an chéad chruinniú eile den Choiste.

Chuir an Cathaoirleach na Comhaltaí ar an eolas go ndearnadh glacadh mhiontuairiscí mhí Eanáir a chur siar go dtí an chéad chruinniú eile den Choiste.

Chuir an Feisire Miranda i gcoinne mhiontuairiscí dhíospóireacht na gComhordaitheoirí a tionóladh le linn chruinniú na gComhordaitheoirí an 22 Eanáir maidir le hAchainí Uimh. 0520/2023. Chuir sí i bhfios go láidir gurb é an cinneadh a ghlac na Comhordaitheoirí go hiarbhír i mí Eanáir tuairim dhlíthiúil a iarraidh ar an tseirbhís dlí i dtaobh an bhféadfadh na Comhordaitheoirí a mholadh go gcuirfí achainí le clár oibre chruinnithe an Choiste i mí an Mhárta 2024 d'ainneoin gur dhiúltaigh an Coiste don iarraidh an achainí sin a chur le clár oibre mhí Feabhra 2024. Chuir an Feisire Miranda in iúl gur chuir an tseirbhís dlí i bhfios go soiléir cheana féin, go raibh iarraidh a grúpa go hiomlán i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

D'athdhearbhaigh an Cathaoirleach gur cuireadh glacadh mhiontuairiscí mhí Eanáir siar go dtí an chéad chruinniú eile den Choiste agus go ndéanfaí aon phlé ar na miontuairiscí sin, dá bhrí sin, ag cruinniú Choiste mhí an Mhárta.

Labhair na daoine seo a leanas: Dolors Montserrat, Ana Miranda, Maria Angela Danzì

## 3. Fógraí an Chathaoirligh

Gan aon fógra

Tuarascáil FFV

**4.** **Dréacht-Tuarascáil Misin tar éis na cuairte aimsithe faisnéise ar an gCatalóin (an Spáinn) ón 18 Nollaig go dtí an 20 Nollaig 2023** CR PE758.186 FdR1294870

PETI/9/14020
Rapóirtéir:
Yana Toom (Ceann na Toscaireachta)
Freagrach:
PETI

- **Breithniú ar an dréacht-tuarascáil**

**Labhair na daoine seo a leanas:** Jana Toom (ceannaire an mhisin), Peter Jahr, Maria Angela Danzì, Cristina Maestre Martín De Almagro, Maite Pagazaurtundúa, Diana Riba i Giner, Jorge Buxadé Villalba, Antoni Comín i Oliveres, Eva Maria Poptcheva, Esther Sanz Selva, Ana Miranda

***I láthair an Choimisiúin Eorpaigh***

**A. Achainíocha lena bplé sa choiste ar bhonn an fhreagra i scríbhinn ón gCoimisiún nó na ndoiciméad eile a fuarthas**

Cultúr agus Oidhreacht

**5.** Achainí Uimh. 0718/2023 ó Mitja Ferenc (Slóivéanach) maidir le cuimhne íospartaigh na tréimhse cumannaí iarchogaidh sa tSlóivéin a chaomhnú sir718-23

**Labhair na daoine seo a leanas:** Mitja Ferenc (achainíoch), Vincent Depaigne (CE, JUST), Peter Jahr, Cristina Maestre Martín De Almagro, Andrey Kovatchev, Antonio López Istúriz White, Romana Tomc, Margrete Auken

**Cinneadh:** An achainí a choinneáil ar oscailt. Freagra i scríbhinn a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus litir a sheoladh chuig rialtas na Slóivéine. Achainí i gcomhair faisnéise a sheoladh chuig Grúpa Neamhfhoirmiúil ar Chuimhneachán Eorpach de chuid Parlaimint na hEorpa.

Comhshaol

**6.** Achainí Uimh. 1025/2023 ó K.D.G. (Gearmánach) maidir le stádas cosanta mac tíre san Aontas Eorpach sir1025-23

**Labhair na daoine seo a leanas:** Alexander Just (CE, ENV), Peter Jahr, Cristina Maestre Martín De Almagro, Michal Wiezik, Margrete Auken,

**Cinneadh:** An achainí a choinneáil ar oscailt agus freagra i scríbhinn a iarraidh ar an gCoimisiún

**7.** Achainí Uimh. 1378/2023 ó Ludovic Jean (Francach) maidir le scriosadh líomhnaithe láithreáin Natura 2000 i bPáirc Nádúrtha Réigiúnach Livradois-Forez, an Fhrainc sir1378-23

**Labhair na daoine seo a leanas:** Ludovic Jean (achainíoch), Jeremie Crespin (CE, ENV), Peter Jahr, Margrete Auken,

**Cinneadh:** An achainí a choinneáil ar oscailt agus freagra i scríbhinn a iarraidh ar an gCoimisiún

*Ó 11:31 ba é Ryszard Czarnecki (LeasChathaoirleach) a bhí sa chathaoir*

| | | |
|---|---|---|
| **8.** | Achainí Uimh. 0288/2022 ó A.K. (Cipireach) maidir le sáruithe líomhnaithe ar reachtaíocht chomhshaoil an Aontais Eorpaigh i leithinis Akamas sa Chipir | CM – PE749.059<br>FdR1278932 |
| | Achainí 0450/2022 ó C.P. (Cipireach), thar ceann Terra Cypria- Fondúireacht Chaomhnaithe na Cipire, maidir leis na tionscadail forbartha ar leithinis Akamas sa Chipir | CM – PE749.059<br>FdR1278932 |

**Labhair na daoine seo a leanas:** A.K. (achainíoch), K. M. (ionadaí an achainígh), Anna Cheilari (CE, ENV), Peter Jahr, Demetris Papadakis, Ana Miranda, Giorgos Georgiou, Niyazi Kizilyürek

**Cinneadh:** An achainí a choinneáil ar oscailt agus freagra nuashonraithe i scríbhinn a iarraidh ar an gCoimisiún

| | | |
|---|---|---|
| **9.** | Achainí 0592/2021 ó M.S. (Gearmánach) maidir le páirc náisiúnta a bhunú lena gcumhdaítear foraois Senne Teutoburger sa Ghearmáin/Rhein Thuaidh Westphalia | CM – PE730.159<br>FdR 1253290 |

**Labhair na daoine seo a leanas:** Alexander Just (CE, ENV), Peter Jahr

**Cinneadh:** An achainí a dhúnadh

*Cuireadh an cruinniú ar atráth ar 12:06*

* * *

*Tosaíodh an cruinniú arís ar 14:48*

## 14:30 go 16:00

*Ó 15:48 ba í Dolors Montserrat (Cathaoirleach) a bhí sa chathaoir*

Éisteacht

| | | |
|---|---|---|
| **10.** | Éisteacht phoiblí PETI maidir le **'Freagrachtaí cuideachtaí breosla iontaise i ngéarchéim an chostais mhaireachtála'** | *Clár* |

**Painéal 1: An ghéarchéim costais maireachtála agus bochtaineacht fuinnimh san Aontas: tionchar sóisialta agus eacnamaíoch**

**<u>Labhair na daoine seo a leanas:</u>** Isabella Weber (saineolaí), Stefan Bouzarovski (saineolaí), Pierre Larrouturou, Rasmus Andresen, Francesca Donato, Cornelia Ernst,

**Painéal 2: Freagairt an Aontais ar phraghsanna fuinnimh méadaithe san Eoraip**

**<u>Labhair na daoine seo a leanas:</u>** Sebastian Dullien (saineolaí), Anna Gilmore (saineolaí), Brendan Devlin (saineolaí), Margrete Auken

* * *

## <u>16:00 go 17:30</u>

***I láthair an Choimisiúin Eorpaigh***

**A. Achainíocha lena bplé sa choiste ar bhonn an fhreagra i scríbhinn ón gCoimisiún nó na ndoiciméad eile a fuarthas**

*Ó 16:23 ba é Ryszard Czarnecki (LeasChathaoirleach) a bhí sa chathaoir*

<u>Margadh Inmheánach</u>

**11.** Achainí Uimh. 1166/2023 ó Alex Agius Saliba (Máltach) maidir le slabhraí allmhairithe agus dáileacháin i Málta — sir

**<u>Labhair na daoine seo a leanas:</u>** Alex Agius Saliba (FPE, achainíoch), Jonathan Uphoff (CE, COMP), Margrete Auken, Andrey Novakov, Peter Jahr, Esther Sanz Selva

**<u>Cinneadh:</u>** An achainí a choinneáil ar oscailt agus freagra i scríbhinn a iarraidh ar an gCoimisiún

<u>Aitheantas fostaíochta do cháilíochtaí</u>

**12.** Achainí Uimh. 0866/2023 ó Garyfalia Ampanozi (Gréagach) maidir le haitheantas uathoibríoch a thabhairt don speisialtacht leighis 'Leigheas fóiréinseach/paiteolaíocht fhóiréinseach' san Aontas — sir0866-23

**Labhair na daoine seo a leanas:** Garyfalia Ampanozi (achainíoch), Alexandra Ongono Pomme (CE, GROW), Stelios Kympouropoulos, Cristina Maestre Martín De Almagro, Peter Jahr

**<u>Cinneadh:</u>** An achainí a choinneáil ar oscailt agus freagra i scríbhinn a iarraidh ar an gCoimisiún

<u>Fostaíocht</u>

**13.** Achainí Uimh. 0780/2023 ó Fotios Batzios (Gréagach) maidir le cearta oibrithe sa Ghréig — CM – PE758.089 FdR 1294356

**Labhair na daoine seo a leanas:** Adela Barrero Florez (CE, EMPL), Stelios Kympouropoulos, Lefteris Nikolaou Alavanos, Cristina Maestre Martín De Almagro

**Cinneadh:** An achainí a choinneáil ar oscailt agus freagra nuashonraithe a iarraidh ar an gCoimisiún

*Cuireadh an cruinniú ar atráth ar 17:16*

* * *

*Tosaíodh an cruinniú arís ar 17:32 agus ba í Dolors Montserrat (Cathaoirleach) a bhí sa chathaoir*

## ó 17:30 go 18:30 (i seomra iata)

## 14. Cruinniú na gcomhordaitheoirí

*Tháinig deireadh le cruinniú na gComhordaitheoirí ar 18:49*

* * *

*Cuireadh tús leis an gcruinniú ar 09.05 Déardaoin, an 15 Feabhra agus ba í Dolors Montserrat (Cathaoirleach) a bhí sa chathaoir*

# Dé hAoine, an 15 Feabhra 2024

## ar 09:00

**15. Fógraí an Chathaoirligh maidir le cinntí na gComhordaitheoirí**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Glacadh an clár oibre.

**2. Fógraí an Chathaoirligh**

Chuir an Cathaoirleach in iúl do na Comhordaitheoirí gur iarr an Feisire Danzi (NI) Achainíocha Uimh. 0148/2020 agus 1150/2019 a chur san áireamh i gclár oibre mhí an Mhárta. Chinn na comhordaitheoirí iad a áireamh i bprionsabal i gclár oibre mhí an Mhárta.

**3. Glacadh an dréachtchláir oibre do chruinniú PETI an 18-19 Márta 2024**

D'fhormheas na comhordaitheoirí an dréachtchlár oibre a bhí beartaithe.

## 4. Tograí le haghaidh cruinnithe amach anseo

Chomhaontaigh na comhordaitheoirí Achainí Uimh. 0275/2022 (iarraidh ó EPP), Achainíocha Uimh. 0353/2023, 1056/2016 (iarraidh ó S&D), Achainíocha Uimh. 0315/2023, 1324/2021, 0466/2021, 1171/2023 (iarraidh ó Greens/EFA), Achainíocha Uimh. 1358/2020, 1525/2016 (iarraidh ó ECR) agus Achainíocha Uimh. 0245/2023 agus 0492/2023 (iarraidh ó The Left) a áireamh i gclár oibre mhí an Mhárta.
Chomhaontaigh na comhordaitheoirí an nós imeachta práinne a chur i bhfeidhm maidir le hAchainí Uimh. 1407/2023 (iarraidh ó PPE agus ECR), Achainí Uimh. 0041/2024 (iarraidh ó S&D), Achainíocha Uimh. 0024/2024 agus 0038/2024 (iarraidh ó The Left) agus iad a áireamh i gclár oibre mhí an Mhárta.
Chinn na comhordaitheoirí gan Achainíocha Uimh. 1058/2023, 1063/2023, 1087/2023 agus 1090/2023 (iarraidh ó S&D agus The Left), Achainí Uimh. 1089/2023 (iarraidh ó S&D), Achainíocha Uimh. 1141/2023, 1158/2023, 1175/2023 (iarraidh ó The Left) a áireamh i gclár oibre mhí an Mhárta. Chinn na comhordaitheoirí na hachainíocha sin a sheoladh mar fhaisnéis chuig Coiste AFET agus chuig na Toscaireachtaí don chaidreamh le hIosrael agus don chaidreamh leis an bPalaistín.

Chinn na comhordaitheoirí plé a dhéanamh ar an iarraidh chun Achainí Uimh. 0520/2023 (iarraidh ó Greens/EFA) a áireamh i gcruinniú na gComhordaitheoirí i mí an Mhárta go dtí go bhfaighfear tuairim na seirbhíse dlí.

## 5. Iarrataí ar ghníomhaíocht shonrach

Chomhaontaigh na comhordaitheoirí cuireadh a thabhairt don Choimisiún Eorpach chuig an gcéad chruinniú eile de na Comhordaitheoirí i mí an Mhárta chun faisnéis a sholáthar faoi chur chuige ginearálta an Choimisiúin i leith an Choiste um Achainíocha, go háirithe maidir le freagairt an Choimisiúin ar Achainí Uimh. 0604/2023 (iarraidh ó Renew).
Chomhaontaigh na comhordaitheoirí litir a sheoladh chuig an gCoimisiún Eorpach ina n-iarrtar soiléireacht iomlán maidir le nósanna imeachta um shárú a bhaineann le hachainíocha (iarraidh ó Greens/EFA).

## 6. Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin (PP-PAnna)

Tháinig na comhordaitheoirí ar chomhaontú maidir leis an nós imeachta agus an amlíne a bhaineann le treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin in 2024.

## 7. Ionchur i gClár Oibre 2025 Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

Chomhaontaigh na comhordaitheoirí na tograí uile le haghaidh ábhair iniúchóireachta a chur ar aghaidh chuig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa do Chlár Oibre 2025, arna gcur isteach ag grúpaí polaitiúla (tograí EPP agus Renew).

## 8. Iarrataí a bhaineann le míreanna B

Chinn na comhordaitheoirí déileáil le míreanna B ó chlár oibre an choiste an 22-23 Eanáir 2024,

ar iarr Feisire gníomhaíocht shonrach nua ina leith, trí nós imeachta i scríbhinn.

Thug na Comhordaitheoirí dá n-aire na míreanna B ó chlár oibre mhí Eanáir a iarradh go gcoinneofaí ar oscailt iad a bhfuil 2 mhí ag an achainíoch chun faisnéis bhreise a sholáthar ina leith.

Thug na Comhordaitheoirí dá n-aire na míreanna B nár chuir an t-achainíoch faisnéis bhreise ar fáil ina leith laistigh de dhá mhí agus ar dúnadh iad i gcomhréir le Treoirlínte PETI (1441/2021, 0051/2013, 0085/2013, 0257/2013, 1653/2013, 2248/2013, 0930/2014, 1710/2013, 2887/2013, 0430/2016, 0121/2017, 0199/2017, 0223/2017, 0411/2017, 0660/2017, 0859/2017, 0860/2017, 0861/2017, 0861/2017).

**9. Litir ó Uachtarán PE maidir le Cuairt Oifigiúil Chathaoirleach an Choiste um Achainíocha ar Famagusta, an Chipir**

Thug na Comhordaitheoirí dá n-aire an litir ó Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Roberta Metsola, agus freagra á tabhairt aici ar aiseolas an Chathaoirligh maidir le Famagusta.

**10. Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh**

Thug na Comhordaitheoirí dá n-aire dhá Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh atá cláraithe, dar teideal: ‘Toirmeasc ar chleachtais tiontaithe san Aontas Eorpach’ agus 'Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh maidir le Cosaint na Talmhaíochta agus an Gheilleagair Tuaithe san Eoraip' agus toirmeasc ar chlárú páirteach an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Tionscnamh Eorpach maidir le Cannabas’.

**11. Litreacha**

Thug na Comhordaitheoirí na freagraí a fuarthas dá n-aire.

**12. Aon ghnó eile**

*Níor ardaíodh aon phointe.*

***I láthair an Choimisiúin Eorpaigh***

**A. Achainíocha lena bplé sa choiste ar bhonn an fhreagra i scríbhinn ón gCoimisiún nó na ndoiciméad eile a fuarthas**

Iompar

| | |
|---|---|
| **16.** Achainí Uimh. 1321/2021 ó Manuel Alejandro Moreno Cano (Spáinneach), thar ceann ardán na saoránach ‘Sevilla quiere Metro’, maidir leis an ngá atá leis na línte meitreo a leathnú i | CM – PE739.762<br>FdR1268961 |

gcathair Sevilla

**Labhair na daoine seo a leanas:** Manuel Alejandro Moreno Cano (achainíoch), Vicente Rodríguez Sáez (CE, REGIO), Juan Ignacio Zoido Álvarez, Cristina Maestre Martín De Almagro, José Ramón Bauzá Díaz, Jorge Buxadé Villalba, Marcos Ros Sempere

**Cinneadh:** An achainí a choinneáil ar oscailt agus freagra nuashonraithe i scríbhinn a iarraidh ar an gCoimisiún

| | |
|---|---|
| **17.** Achainí 0202/2018 le Alfonso Rodríguez Sanchez (Spáinneach) maidir le beartais um leithdháileadh suíochán aerlínte ar chostas íseal a scarann grúpaí agus teaghlaigh nach n-íocann táille bhreise as suíocháin in áirithe | CM – PE629.721<br>FdR1293681 |

**Labhair na daoine seo a leanas:** Alfonso Rodríguez Sanchez (achainíoch), Pablo Arias Echeverría, Cristina Maestre Martín De Almagro, Margarita de la Pisa Carrión, Stelios Kympouropoulos (thar ceann Gheorghe Falcă)

**Cinneadh:** An achainí a choinneáil ar oscailt agus litir le haghaidh tuairime a sheoladh chuig an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) agus chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra
(IMCO)

Caidreamh Seachtrach

| | |
|---|---|
| **18.** Achainí 1168/2023 ó Mihai Igna (Rómánach), thar ceann an Chomhlachais 'Together we bring prosperity' (Impreuna aducem bunastare) maidir lena iarraidh go dtabharfaí stór náisiúnta agus cartlann stairiúil na Rómáine ar ais ón Rúis | sir1168-23 |

**Labhair na daoine seo a leanas:** Mihai Igna (achainíochakanen (CE, EEAS), Peter Jahr, Vlad Gheorghe, Cristian Terheş

**Cinneadh:** An achainí a choinneáil ar oscailt. Freagra i scríbhinn a iarraidh ar an gCoimisiún. Tuairim a iarraidh ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (AFET) agus ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas (CULT). Litir a sheoladh chuig Buanionadaí na Rómáine chuig an Aontas Eorpach

Iomaíocht

| | |
|---|---|
| **19.** Achainí 0491/2023 ó Álex Román (Spáinneach) maidir leis na cleachtais fhrithiomaíocha de bharr fianuithe crua-earraí agus bogearraí ar ghléasanna a ritheann Android Google | CM – PE757.267<br>FdR1292432 |

**Labhair na daoine seo a leanas:** Álex Román (achainíoch), Jean Sébastien Robert (CE, COMP), Pablo Arias Echeverría

**Cinneadh:** An achainí a choinneáil ar oscailt agus freagra nuashonraithe i scríbhinn a iarraidh ar an gCoimisiún. É a sheoladh chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) chun faisnéis a fháil

Míchumas

**20.** Achainí 0098/2015 ó Maria Simona Bellini (Iodálach), lena ngabhann 31 866 síniú, maidir le tacaíocht do chúramóirí teaghlaigh do dhaoine faoi mhíchumas san Iodáil CM – PE 575.005 FdR1163629

**Labhair na daoine seo a leanas:** Maria Simona Bellini (achainíoch), Alessandro Chiarini (achainíoch), Flaviana Teodosiu (CE, EMPL), Jarosław Duda, Alex Agius Saliba, Francesca Donato, Maria Angela Danzì

**Cinneadh:** An achainí a choinneáil ar oscailt agus freagra nuashonraithe i scríbhinn a iarraidh ar an gCoimisiún

**21. Aon ghnó eile**

Níor ardaíodh aon phointe.

**Fógra an Chathaoirligh maidir le nósanna imeachta i scríbhinn:**

- **Moltaí arna gconspóid maidir le hachainíocha 0751-1000/2023:**

– Glacadh achainíocha 0764/2023, 0813/2023, 0850/2023, 0856/2023, 0894/2023 san fhoirm a mhol an Cathaoirleach
– Glacadh achainí 0919/2023 san fhoirm a mhol S&D

- **Maidir le 'míreanna B a choinnítear ar oscailt' maidir le clár oibre chruinniú PETI an 29-30 Samhain 2023**

– Dúnfar achainíocha Uimh. 0518/2014, 0448/2016, 0420/2018 agus 1079/2018, 1286/2019
– Coinneofar achainí 1116/2018 ar oscailt agus iarrfar faisnéis nuashonraithe ar an gCoimisiún Eorpach agus ar an Údarás Eorpach Saothair.
– Coinneofar achainíocha 1124/2018 agus 0569/2019 ar oscailt agus sceidealófar iad do Chruinniú de Choiste PETI atá ar na bacáin
– Coinneofar achainí 0409/2019 ar oscailt go dtí go mbeidh níos mó soiléireachta ann maidir le hiarmhairtí na reachtaíochta
– Coinneofar achainí 1149/2020 ar oscailt agus iarrfar faisnéis nuashonraithe ar an gCoimisiún Eorpach

- **Saineolaí ionaid amháin a roghnú don dara painéal den éisteacht 'Freagrachtaí cuideachtaí breosla iontaise le linn na géarchéime costais mhaireachtála' atá beartaithe an 14 Feabhra 2024**

Ar bhonn thorthaí an nós imeachta i scríbhinn, cuirtear in iúl gur thug an Rúnaíocht cuireadh do Sebastian Dullien, Stiúrthóir Eolaíoch na hInstitiúide um Beartas Maicreacnamaíocha (IMK) i bhFondúireacht Hans Böckler agus Ollamh le hEacnamaíocht Ghinearálta in Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Bheirlín.

**22. Dáta agus áit an chéad chruinnithe eile**

- Dé Luain, an 18 Márta 2024, 15.00 – 18.30 (an Bhruiséil)
- Dé Máirt, an 19 Márta 2024, 9.00 – 12.30 agus 14.30 – 18.30 (an Bhruiséil)

*Cuireadh deireadh leis an gcruinniú ar 11.30*

* * *

**B. Achainíocha a moladh iad a dhúnadh i bhfianaise an fhreagra i scríbhinn ón gCoimisiún nó doiciméid eile a fuarthas**

Dúnfar na hachainíocha seo a leanas:

0642/2009, 1833/2009, 0141/2016, 0532/2010, 0936/2012, 2595/2013, 0277/2023, 0931/2014, 1212/2016, 1252/2016, 1343/2015, 1436/2016, 1567/2016, 0174/2017, 0809/2017, 0732/2017, 1111/2017, 0061/2018, 0240/2018, 0253/2018, 0271/2018, 0378/2018, 0434/2018, 0483/2018, 0610/2018, 0671/2018, 0727/2018, 0825/2018, 0989/2018, 1020/2018, 1122/2018, 1159/2018, 0907/2019, 0225/2019, 0478/2019, 1194/2019, 0012/2021, 0018/2021, 0134/2021, 0142/2021, 0187/2021, 0243/2021, 0304/2021, 0386/2021, 0389/2021, 0434/2021, 0474/2021, 0517/2021, 0520/2021, 0522/2021, 0562/2021, 0581/2021, 0606/2021, 0634/2021, 0640/2021, 0668/2021, 0864/2021, 1161/2021, 0337/2022, 1031/2022, 1209/2022, 0026/2023, 0051/2023, 0064/2023, 0118/2023, 0124/2023, 0142/2023, 0170/2023, 0392/2023, 0407/2023, 0416/2023, 0417/2023, 0513/2023, 0540/2023, 0634/2023, 0647/2023, 0746/2023.

Coinneofar na hachainíocha seo a leanas ar oscailt:

0754/2017, 0011/2018, 0075/2018, 0374/2018, 0134/2018, 1030/2018, 0162/2019, 0007/2021, 0179/2021, 0261/2021, 0657/2021.

**ПРИСЪСТВЕН ЛИСТ/LISTA DE ASISTENCIA/PREZENČNÍ LISTINA/DELTAGERLISTE/ ANWESENHEITSLISTE/KOHALOLIJATE NIMEKIRI/ΚΑΤΑΣΤΑΣΗ ΠΑΡΟΝΤΩΝ/RECORD OF ATTENDANCE/ LISTE DE PRÉSENCE/POPIS NAZOČNIH/ELENCO DI PRESENZA/APMEKLĒJUMU REĢISTRS/DALYVIŲ SĄRAŠAS/ JELENLÉTI ÍV/REĠISTRU TA' ATTENDENZA/PRESENTIELIJST/LISTA OBECNOŚCI/LISTA DE PRESENÇAS/ LISTĂ DE PREZENȚĂ/PREZENČNÁ LISTINA/SEZNAM NAVZOČIH/LÄSNÄOLOLISTA/NÄRVAROLISTA**

| |
|---|
| Бюро/Mesa/Předsednictvo/Formandskabet/Vorstand/Juhatus/Προεδρείο/Bureau/Predsjedništvo/Ufficio di presidenza/Prezidijs/ Biuras/Elnökség/Prezydium/Birou/Predsedníctvo/Predsedstvo/Puheenjohtajisto/Presidiet (*) |
| Dolors Montserrat (1,2), Ryszard Czarnecki, (1) |
| Членове/Diputados/Poslanci/Medlemmer/Mitglieder/Parlamendiliikmed/Βουλευτές/Members/Députés/Zastupnici/Deputati/Deputāti/ Nariai/Képviselõk/Membri/Leden/Posłowie/Deputados/Deputați/Jäsenet/Ledamöter |
| Alex Agius Saliba (1,2), Marc Angel (1), Margrete Auken (1), Francesca Donato (1,2), Ibán García Del Blanco (1), Vlad Gheorghe (2), Peter Jahr (1,2), Stelios Kympouropoulos (1,2), Cristina Maestre Martín De Almagro (1,2), Ana Miranda (1), Esther Sanz Selva (1), Jana Toom (1), Michal Wiezik (1) |
| Заместници/Suplentes/Náhradníci/Stedfortrædere/Stellvertreter/Asendusliikmed/Αναπληρωτές/Substitutes/Suppléants/Zamjenici/ Supplenti/Aizstājēji/Pavaduojantysnariai/Póttagok/Sostituti/Plaatsvervangers/Zastępcy/Membros suplentes/Supleanți/Náhradníci/ Namestniki/Varajäsenet/Suppleanter |
| Karolin Braunsberger-Reinhold (1), Isabel Benjumea Benjumea (1), Jordi Cañas (1), Antoni Comín i Oliveres (1), Maria Angela Danzì (1,2), Jarosław Duda (1), Lefteris Nikolaou-Alavanos (1), Maite Pagazaurtundúa (1), Demetris Papadakis (1), Marc Tarabella (1), Cristian Terheş (1,2) |

| |
|---|
| 209 (7) |
| |
| 216 (3) |
| Rasmus Andresen (1), Pablo Arias Echeverría (2), Franc Bogovič (1), José Ramón Bauzá Díaz (2), Jorge Buxadé Villalba (1,2), Estrella Durá Ferrandis (1), Cornelia Ernst (1), Pilar del Castillo Vera (1), Margarita de la Pisa Carrión (1,2), José Manuel García-Margallo y Marfil (1), Giorgos Georgiou (1), Pierre Larrouturou (1), Antonio López-Istúriz White (1), Andrey Kovatchev (1), Niyazi Kizilyürek (1), Gabriel Mato (1), Andrey Novakov (1), Eva Maria Poptcheva (1), Diana Riba i Giner (1), Marcos Ros Sempere (2), Nacho Sánchez Amor (1), Romana Tomc (1), Miguel Urbán Crespo (1), Thomas Waitz (1), Juan Ignacio Zoido Álvarez (1) |
| 56 (8) (Точка от дневния ред/Punto del orden del día/Bod pořadu jednání (OJ)/Punkt på dagsordenen/Tagesordnungspunkt/ Päevakorra punkt/Σημείο της ημερήσιας διάταξης/Agenda item/Point OJ/Točka dnevnog reda/Punto all'ordine del giorno/Darba kārtības punkts/Darbotvarkės punktas/Napirendi pont/Punt Aġenda/Agendapunt/Punkt porządku dziennego/Ponto OD/Punct de pe ordinea de zi/Bod programu schôdze/Točka UL/Esityslistan kohta/Punkt på föredragningslistan) |
| |

Присъствал на/Presente el/Přítomný dne/Til stede den/Anwesend am/Viibis(id) kohal/Παρών στις/Present on/Présent le/Nazočni dana/Presente il/Piedalījās/ Dalyvauja/Jelen volt/Preżenti fi/Aanwezig op/Obecny dnia/Presente em/Prezent/Prítomný dňa/Navzoči dne/Läsnä/Närvarande den:

(1) 14.2.2024

(2) 15.2.2024

| Наблюдатели/Observadores/Pozorovatelé/Observatører/Beobachter/Vaatlejad/Παρατηρητές/Observers/Observateurs/Promatrači/Osservatori/Novērotāji/Stebėtojai/Megfigyelők/Osservaturi/Waarnemers/Obserwatorzy/Observadores/Observatori/Pozorovatelia/Opazovalci/Tarkkailijat/Observatörer |
|---|
| |

| По покана на председателя/Por invitación del presidente/Na pozvání předsedy/Efter indbydelse fra formanden/Auf Einladung des Vorsitzenden/Esimehe kutsel/Με πρόσκληση του Προέδρου/At the invitation of the Chair/Sur l'invitation du président/ Na poziv predsjednika/Su invito del presidente/Pēc priekšsēdētāja uzaicinājuma/Pirmininkui pakvietus/Az elnök meghívására/ Fuq stedina taċ/20'Chairman'/Op uitnodiging van de voorzitter/Na zaproszenie Przewodniczącego/A convite do Presidente/La invitaţia preşedintelui/ Na pozvanie predsedu/Na povabilo predsednika/Puheenjohtajan kutsusta/På ordförandens inbjudan |
|---|
| Mitja Ferenc (petitioner), Ludovic Jean (petitioner), A.K. (petitioner), Koulla Michael (petitioner's representative), Isabella Weber (expert), Stefan Bouzarovski (expert), Sebastian Dullien (expert), Anna Gilmore (expert), Brendan Devlin (expert), Alex Agius Saliba (MEP, petitioner), Garyfalia Ampanozi (petitioner), Manuel Alejandro Moreno Cano (petitioner), Alfonso Rodríguez Sanchez (petitioner), Mihai Igna (petitioner), Álex Román (petitioner), Maria Simona Bellini (petitioner), Alessandro Chiarini (petitioner) |

| Съвет/Consejo/Rada/Rådet/Rat/Nõukogu/Συμβούλιο/Council/Conseil/Vijeće/Consiglio/Padome/Taryba/Tanács/Kunsill/Raad/Conselho/Consiliu/Svet/Neuvosto/Rådet (*) | |
|---|---|
| | |
| Комисия/Comisión/Komise/Kommissionen/Kommission/Komisjon/Επιτροπή/Commission/Komisija/Commissione/Bizottság/Kummissjoni/Commissie/Komisja/Comissão/Comisie/Komisia/Komissio/Kommissionen (*) | |
| Anna Sole Mena (EC, EAC), Jeremie Crespin (EC, ENV), Alexander Just (EC, ENV), Anna Cheilari (EC, ENV), Sophie Evers (EC, ENV), Vincent Depaigne (EC, JUST), Asta Binkeviciute (EC, SG), Judit Canas Fernandez (EC, SG), Jonathan Uphoff (EC, COMP), Alexandra Ongono Pomme (EC, GROW), Adela Barrero Florez (EC, EMPL), Vicente Rodríguez Sáez (EC, REGIO), Ulla Hakanen (EC, EEAS), Jean Sébastien Robert (EC, COMP), Flaviana Teodosiu (EC, EMPL), Oscar Seguro Apostolo (EC, EAC), Jyrki Paajanen (EC, MOVE), Vesselinka Trifonova (EC, MOVE), Marian Raduta (EC, REGIO), Valeria Spazzoli (EC, EMPL) | |
| Други институции и органи/Otras instituciones y organismos/Ostatní orgány a instituce/Andre institutioner og organer/Andere Organe und Einrichtungen/Muud institutsioonid ja organid/Λοιπά θεσμικά όργανα και οργανισμοί/Other institutions and bodies/Autres institutions et organes/Druge institucije i tijela/Altre istituzioni e altri organi/Citas iestādes un struktūras/Kitos institucijos ir įstaigos/Más intézmények és szervek/Istituzzjonijiet u korpi oħra/Andere instellingen en organen/Inne instytucje i organy/Outras instituições e outros órgãos/Alte instituții și organe/Iné inštitúcie a orgány/Muut toimielimet ja elimet/Andra institutioner och organ | |
| | |

| Други участници/Otros participantes/Ostatní účastníci/Endvidere deltog/Andere Teilnehmer/Muud osalejad/Επίσης παρόντες/Other participants/Autres participants/Drugi sudionici/Altri partecipanti/Citi klātesošie/Kiti dalyviai/Más résztvevők/Parteċipanti oħra/Andere aanwezigen/Inni uczestnicy/Outros participantes/Alţi participanţi/Iní účastníci/Drugi udeleženci/Muut osallistujat/Övriga deltagare |
|---|
| |

| Секретариат на политическите групи/Secretaría de los Grupos políticos/Sekretariát politických skupin/Gruppernes sekretariat/ Sekretariat der Fraktionen/Fraktsioonide sekretariaat/Γραμματεία των Πολιτικών Ομάδων/Secretariats of political groups/Secrétariat des groupes politiques/Tajništva klubova zastupnika/Segreteria gruppi politici/Politisko grupu sekretariāts/Frakcijų sekretoriai/ Képviselőcsoportok titkársága/Segretarjat gruppi politiċi/Fractiesecretariaten/Sekretariat Grup Politycznych/Secretariado dos grupos políticos/Secretariate grupuri politice/Sekretariát politických skupín/Sekretariat političnih skupin/Poliittisten ryhmien sihteeristöt/ De politiska gruppernas sekretariat | |
|---|---|
| PPE | Radu Negrea, Simona Lo Cricchio |
| S&D | Vaclav Mls, Nicolaida Khier-Koskina, Emanuela Merck Giuliani |
| Renew | Edel Crosse |
| Verts/ALE | Juris Sokolovskis, Carlo Diana |
| ECR | Katarzyna Ochman-Kaminska |
| ID | |
| The Left | Ana Maria Jara Gomez |
| NI | Dovile Rucyte |

| Кабинет на председателя/Gabinete del Presidente/Kancelář předsedy/Formandens Kabinet/Kabinett des Präsidenten/Presidendi kantselei/Γραφείο του Προέδρου/President's Office/Cabinet du Président/Ured predsjednika/Gabinetto del Presidente/Priekšsēdētāja kabinets/Pirmininko kabinetas/Elnöki hivatal/Kabinett tal/20President/Kabinet van de Voorzitter/Gabinet Przewodniczącego/Gabinete do Presidente/Cabinet Preşedinte/Kancelária predsedu/Urad predsednika/Puhemiehen kabinetti/Talmannens kansli |
|---|
| |
| Кабинет на генералния секретар/Gabinete del Secretario General/Kancelář generálního tajemníka/Generalsekretærens Kabinet/ Kabinett des Generalsekretärs/Peasekretäri büroo/Γραφείο του Γενικού Γραμματέα/Secretary/20General's Office/Cabinet du secrétaire général/Ured glavnog tajnika/Gabinetto del Segretario generale/Ģenerālsekretāra kabinets/Generalinio sekretoriaus kabinetas/ Főtitkári hivatal/Kabinett tas/20Segretarju Ġenerali/Kabinet van de secretaris/20generaal/Gabinet Sekretarza Generalnego/Gabinete do Secretário/20Geral/Cabinet Secretar General/Kancelária generálneho tajomníka/Urad generalnega sekretarja/Pääsihteerin kabinetti/ Generalsekreterarens kansli |
| |

| Генерална дирекция/Dirección General/Generální ředitelství/Generaldirektorat/Generaldirektion/Peadirektoraat/Γενική Διεύθυνση/ Directorate/20General/Direction générale/Glavna uprava/Direzione generale/Ģenerāldirektorāts/Generalinis direktoratas/Főigazgatóság/ Direttorat Ġenerali/Directoraten/20generaal/Dyrekcja Generalna/Direcção/20Geral/Direcţii Generale/Generálne riaditeľstvo/Generalni direktorat/Pääosasto/Generaldirektorat | |
|---|---|
| DG PRES,<br>DG IPOL,<br>DG EXPO,<br>DG EPRS,<br>DG COMM,<br>DG PART,<br>DG PERS,<br>DG INLO,<br>DG TRAD,<br>DG LINC,<br>DG FINS,<br>DG ITEC,<br>DG SAFE | Johannes Heezen, Sybille Pecsteen De Buytswerve |

| |
|---|
| Правна служба/Servicio Jurídico/Právní služba/Juridisk Tjeneste/Juristischer Dienst/Õigusteenistus/Νομική Υπηρεσία/Legal Service/ Service juridique/Pravna služba/Servizio giuridico/Juridiskais dienests/Teisės tarnyba/Jogi szolgálat/Servizz legali/Juridische Dienst/ Wydział prawny/Serviço Jurídico/Serviciu Juridic/Právny servis/Oikeudellinen yksikkö/Rättstjänsten |
| Iiro Liukkonen |
| Секретариат на комисията/Secretaría de la comisión/Sekretariát výboru/Udvalgssekretariatet/Ausschusssekretariat/Komisjoni sekretariaat/Γραμματεία της επιτροπής/Committee secretariat/Secrétariat de la commission/Tajništvo odbora/Segreteria della commissione/Komitejas sekretariāts/Komiteto sekretoriatas/A bizottság titkársága/Segretarjat tal/20kumitat/Commissiesecretariaat/ Sekretariat komisji/Secretariado da comissão/Secretariat comisie/Sekretariat odbora/Valiokunnan sihteeristö/Utskottssekretariatet |
| Maria del Mar Fernandez Rodriguez |
| Сътрудник/Asistente/Asistent/Assistent/Assistenz/Βοηθός/Assistant/Assistente/Palīgs/Padėjėjas/Asszisztens/Asystent/Pomočnik/ Avustaja/Assistenter |
| |

* (P) = Председател/Presidente/Předseda/Formand/Vorsitzender/Esimees/Πρόεδρος/Chair/Président/Predsjednik/Priekšsēdētājs/ Pirmininkas/Elnök/'Chairman'/Voorzitter/Przewodniczący/Preşedinte/Predseda/Predsednik/Puheenjohtaja/Ordförande

(VP) = Заместник-председател/Vicepresidente/Místopředseda/Næstformand/Stellvertretender Vorsitzender/Aseesimees/Αντιπρόεδρος/ Vice-Chair/Potpredsjednik/Vice-Président/Potpredsjednik/Priekšsēdētāja vietnieks/Pirmininko pavaduotojas/Alelnök/ Viċi 'Chairman'/Ondervoorzitter/Wiceprzewodniczący/Vice-Presidente/Vicepreşedinte/Podpredseda/Podpredsednik/ Varapuheenjohtaja/Vice ordförande

(M) = Член/Miembro/Člen/Medlem/Mitglied/Parlamendiliige/Βουλευτής/Member/Membre/Član/Membro/Deputāts/Narys/Képviselő/ Membru/Lid/Członek/Membro/Membru/Člen/Poslanec/Jäsen/Ledamot

(F) = Длъжностно лице/Funcionario/Úředník/Tjenestemand/Beamter/Ametnik/Υπάλληλος/Official/Fonctionnaire/Dužnosnik/ Funzionario/Ierēdnis/Pareigūnas/Tisztviselő/Uffiċjal/Ambtenaar/Urzędnik/Funcionário/Funcţionar/Úradník/Uradnik/Virkamies/ Tjänsteman